Ní fheicfidh mise é ach tchifidh sibhse é (3)

/ní: ek' mis' e : ax t'if'i s'ivs'ə e:/

Sibhse atá mur gconai amuigh sa tir (2) /s'ivs'ə tae mar go:

-ni mi sɔ̄ ti:r/

Bhí siadsin ann (2) /ví: si:əds'ən' in/

Ní fhacaidh mé iadsin (5) /ní: akə mé: i:əds'ən'/

#### An Forainm Reamhfhoclach

225. Tá foirmeacha ann a fhreagraíonn do na réamhfhocail seo:

ag, ar, as, de/do, fá/faoi, fríd,i,iodar,le, ó, romh (roimh)

thaire

226. ag /eg'/

1. agam /igəm/ agaínn /igɪn'/

2. agad /igəd/ agaibh /igɪv'/

3f aige /eg'ə/ acu /aku/

b aici /aki/

227. ar /er/

1. orm /orm/ orainn /orɪn'/

2. ort /ort/ oraibh /orɪv'/

3f air /e/ orthu /orhu/

b. uirthi /irhi/

228.

as /i:s/

1. asam /i:səm/      asainn /i:sin'/  
 2. asad /i:səd/      asaibh /i:siv'/  
 3f. as /i:s/      astu /i:stu/  
 b. aisti /i:sti/

de / do /de/ /də/

229.

1. domh /du/      duinn /du : n'/  
 2. duid /did/      daoibh /di:v'/  
 3f. dó /do:/      daofa /di:fə/  
 b. daoithe, daoí /di: hɔ/, /di:/

fa / faoi /fa//fi/

230.

1. faom /fi:m/      faoinn /fi:n'/  
 2. faod /fi:d/      faoibh /fi:v'/  
 3f. faoi /fi:/      faofa /fi:fə/  
 b. faoithe /fi:x'ə/

fríd /fri:d'

231.

1. fríom /fri:m/      frínn /fri:n'/  
 2. fríod /fri:d/      fríbh /fri:v'/  
 3f. fríd /fri:d/      fríofa /fri: fə/  
 b. fríthe /fri:x'ə/

i /ɔ/

232.

1. ionam /i:nəm/      ionainn /i:nin'/  
 2. ionad /i:nəd/      ionaibh /i:niv'/  
 3f. ann /in/      iontu /i:ntu/  
 b. inti /inti/

## 233. iodar /iðər/

1. iodrainn /iðrɪn'/  
 2. iodraibh /iðrɪv'/  
 3. iodarthu /iðərhu/  
 le /l'ə/

## 234.

1. Liom /l'ɪm/ linn /lɪn'/  
 2. leat /l'at/ libh /lɪv'/  
 3f. leis /l'es/ leo, leofa /l'o:, l'o: fə/  
 b. léithe/ léithi /le:iχə/, /l'e: ix'i/

o /o:/

## 235.

1. uam /wu:əm/, /wi:əm/ uainn /wu:ən'/, /wi:ən'/  
 2. uad /wu:əd/, /wi:əd/ uaibh /wu:əv'/, /wi:əv'/  
 3f. uaith /wu: ai/ uafa /wu:ə fa/ /wi:ə fə/  
 b. uaithe /wu: aixə/, /w:aixə/  
 romh (roimh) /ro/ /rivə/

## 236.

1. Romham /ro:m/ romhainn /ro:n'/  
 2. Romhad /ro:d/ romhaibh /ro:v'/  
 3f. romh, roimhe /ro/, rofa /ro:fə/  
 /rivə/  
 b. róichi, roipi, /ro:hi/, /ripi/  
 thaire /haijə/

## 237.

1. tharam /harəm/ tharainn /harɪn'/  
 2. tharad /harəd/ tharaibh /hariv'/  
 3f. thairis /hajɪs'/ tharstu /harstu/  
 b. thairsti /hars'ti/

## FORAINMNEACHA AGUS AIDIACHTAI EILE

## AN FORAINM EIGINNTE

238. Baintear úsáid as ainmneacha, ainmneacha agus aidiachtaí lena chéile, aidiachtaí, fiú dobhriathra mar fhorainmneacha eiginnte. Cuirtear síos anseo iad mar tá an fheidhm sin acu. Is minic nach mbaintear úsáid astu ar dhoigh ar bith eile nó ní bhaintear úsáid astu sa dóigh chéanna.

Ní chuirtear síos ainmneacha mar chupán a d'fhéadaí a rá faoi go bhfuil feidhm forainm eiginnte aige. Tá úsáid cupán teorannta agus tá a chiall fein aige i dtólamh.

Thig úsáid a bhaint as an ainm fein agus eile mar fhorainm eiginnte i.e. an ait a mbeadh forainm eiginnte i dteangacha eile. e.g.

teach i ndéidh an teach eile (6) /tax əné: i n tax elɔ/sa  
chuibhreann eile (6) /sə xivrən elɔ/

239.

Achan nduine Bhi achan nduine ag teacht trasna teach Phadai<sup>14</sup>  
/ví: axən nin'ɔ tارت trasna tax fadi/

A dhath Ní bhainfeadh sé a dhath dó (10)  
/ní: wiñhit sé: ya do:/

Níl a dhath pléisiúr san fhearthainn (3)  
/ní:l'ɔ ya p्लe:súr sən arhín'/

A dhath ar bith A dhath ar bith, creideam (3)  
/ɔ ya er bix' kredɔm/

A. An bhfuil a dhath ar bith ag dhul  
/wil' ya er bix'ɔ yil/

B. A dhath ar bith (7)  
/ɔ ya er bix'/

anrud Dúirt sé go bhacaídh sé anrud de mhuintir óg an  
Tuaiscirt ann (27)  
/du: rt' s'e: gə waki s'e: anridɔ wit'ir o:g ə  
tu:əskirt' in/

a'n nduine	Ni rabh a'n nduine istoigh (3) /ní : ro an nin̄ sti /
Barraíocht	Tá barraíocht Gaeilige acu (1)/tae: bae: ijart ge: lík'aku/ D'ith siad barraíocht (8) /dix' sí:əd bae:ijart /
Beagán	B'fhéidir na daoine a bhfuil an t-airgead acu go dtabharfadh siad beagán daofa (2) /bétir n̄ di:n̄ i wil'ə tarəgəd aku gə do: rhít sí:əd bigan di:fə /
A bheagán ná a mhoran	Bíonn a bheagán ná a mhoran acu(3)/bi:n ə vigan na woran aku /
Bean	Bean de na girseachai (2)/b' an do n̄a girsaxi /
Bunús	Go dtearn sé fein a bhunús (3)/gə dárn s̄e: he:n'ə wiñus /
Ceann	Tá ceann mór thíos i Machaire Gáthláin (7) /tae: kín mo:r hi:sə maxərə gae:lan' /
Ceann..ceann	Rinn sé dhá theach pobail, ceann thoir i mBun a' Leaca is ceann thiar ar an Tor (3)/ri:n' s̄e: jae: hax pibil' kín hai min̄ə láka is kín hiər er ətor /
Crop	Bhí crop ann (daoiní) (7)/v'i: krop in / Bhí crop airgid aige (2)/vi: krop arəgid' eg'ə /
Cuid	Ní bheadh cuid de na daoine sásta (2)/ní: v̄e: kid'donə di:n̄ sae:stə/cuid acu (8)/ki:d'aku /
Cuid mhaith	Ní bhíonn cuid mhaith acu diolta as (5) /ní: v̄i:n̄ kid' waix'aku di: lta is /
Cuid mhór	Chaith sé cuid mhór ama istoigh ann (3) /kaix's'e: kid' wo:r amə sti in /
Cupla	Cupla seachtain in Mé (5)/ki:płə s'artin' ən' m'e:/
Dadamh	Níor 'uirt sé dadamh (2)/n'i:r u:rt' s̄e: dadu /
Daoiní eile	B'fhéidir go bhfuair na daoine eile drochmhaidín fosta (A)/b'et'ir gə wu:ər n̄a di:n̄ el̄ 'drox' wad'in' fostə /

Daoiní...daoiní Bhí daoiní ann a rabh snámh maith acu agus  
daoiní eile nach rabh (3)

/v'i: di: n'i in ro snae:u maix' aku agis  
di:ní el' nax ro /

Deireadh An bhfuil deireadh bainte agat (17)

/Wil' d'e:ju bin't' iğəd /

An bhfuil deireadh istoigh (7)

/Wil' d'e: ju sti /

Duine Duine de na comharsannai (7)

/din' do nə ko: rsəni /

Duine..duine Bhí duine ag teacht is duine ag imeacht (5)

/v'i: din' t'art is din' əg' im'art /

Duine ar bith Níl duine ar bithanois ann (5)

/n'i:l' din' er b'ix' ə'nis' in /

Duine ineacht Beidh duine ineacht ann (2)

/ b' e: din' ə'nart in /

Duine ineacht eile

Bhí duine ineacht eile ann (14)

/v'i: din' ə'nart el' in /

Eile Dia Sathairn is eile (2)

/də sahirn is el'ə /

Fear Fear de na mic (7) /f'ar do nə m'i k' /

Fear...fear Bhi beirt acu ar an bhád, bhi fear ag tabhairt  
isteach na n-eangachai is bhi fear ag cur ola  
san injean (5)

/v'i: b'ert' aku er ə wae:d v'i: f'ar ə to:rt'  
ə's't'ax nə n'anaxi is v'i: f'ar ə kir clə sən'  
in'dzən /

Gibith Gibith is fiú do chreideamh duid diol má thige  
leat (6)

/g'i: b'ix' is f'u də x'red'u dīd d'i:l mae:  
hīg' l'at /

Gibith rud	Gibith rud is mian leat féin (2) /g'ib' ix' rid is m'i:ən l'at he: n'/
Go leor	Bhí go leor airgid ag a mhuintir (27) /v'i: gə l'o: r arə ḡid' eg'ə wit'ir /
Giota maith	Tá giota maith déanta (2)/tae: g'itə maix' dae:ntə /
Graidhean	Imigh síos agus cuir graidhean aoiligh orthu(2) /im'i si:s agis kir grain 1:li orhu /
Graidhean beag	An bhfuil graidhean beag preátaí (d)e dheabhair ort? (2)/wil' grain b'ig p'rae:ti jo:l' ort /
Graidhean maith	Thóig muid graidhean maith dó (8) /ho:g mid' grain maix' do:/
iomlán	Tá leith an iomláin déanta agat(2)/tae: l'ex'ə n̄imlan' d'ae:nta igəd /
léar	Tá léar mac aige (14)/tae: l'e:r mak eg'ə /
Léar mór	Teánn léar mór daoini ag an bhingeo (10) /t'e:n l'e:r mo:r di:n'i eg'ə v'ín'gə /
Leitheid	Do leitheid (3)/də. lēhed' /
Macasamhail	Macasamhail Padaí (2) /makəsaul' padi / Do mhacasamhail -sa (3) /də wakəsaul' sə /
Móran	Ní fheiceam moran dochar ann (12) /ni: ekəm moran dixər in/ Ní bheidh moran ann anocht (2)/n'i: v'ə: moran in ə'nort /
An mhuintir sin	B'fhearr an mhuintir sin a fháil amach (fiacla) (2)/b'ar ə wit'ir s'in' ae:1'ə max /
An mhuintir eile	Fág iad leis an mhuintir eile (planks) (7) /fae:g i:əd l'es'ə wit'ir el'ə /
neart	Tá neart móndadh ann (3)/tae: n'art mo: nu in / neart acu (2)/n'art aku /
Níos mó	Tá níos mó Gaeilig aige ná mar atá againne (8) /tae: n'i:s mo: ge: l'ik' eg'ə na mər tae igin'ə /

oiread	Dá bhfuighfeadh siad oiread den fharraige is liomsa .... (3)
Rud	/da wi:hit s' iɔd erəd dən arigá is l'imsə / B'fheidir go bhfuil rud ann (2)/b'et'ir gə wil' rið in /
Rud beag	Tá rud beag ceoil aige(5) /tae: rið b'ig k'o:l' eg'ə /
Rud bocht	Tá rud bocht calláin acu (13g)/tae: rið bort kalan' aku /
rud ineacht	Caithfidh mé rud ineacht a fháil (17) /kaix'ə m'e: rið ə'n'art ae:l' /
Rud ineacht eile	Rud ineacht eile (8) /rið ə'n'art el'ə /
rud iontach	Tá rud iontach uisce ann (3) /tae: rið w:ntax is'k' in /
An té	An té atá díolta, caithfidh sé diol as an mhuintireile (2) /ə t'e: ə tae: d'i: ltə kaix'i s'e: d'i:l is ə ~ wit'ir el'ə /
Traidhfil	dúirt sé go ndéanfadh sé traídھfil airgid (2) /du:rt' s'e: gə n'ae: nhit s'e: traif'il' arəgid'/
Traidhfil beag	Bhí traidhfil beag tóighthí ann (3) /v'i: traif'il' b'ig ti: hi in /
Traidhfil maith	---tá sé traidhfil maith blianta (3)/tae: s'e: traifil' maix' b'l'i: əntə /
Tréan	Bhéarfaidh sí tréan comhrá duid (4) /v'e:rhi s'i: t're:n ko:ra did / Tréan acu (2)/ t're: n aku /
Tuilleadh	Tá tuilleadh de na miniostars ag dhul siar (6) / tae: t'il'u do nə m'inistərs əyil s'i:ər / An Aidiacht Éiginnte
240.	
Achan	Téid Peadar 'na Chlocháin Leith ag an bhingeo achan oíche Aoine -/té:d' p'adər nə xloxan' l'e: eg'ə v'i n'gfo axən i: hə əi:nə /

Achan fuile	Bhí achan fuile lá' agam ar achan chineál (3) /v'i: axən fil's lae: igom er axən x'in'al/
achan uile	Téid sé ag siúl achan uile Domhnach (2) /t'e:d's'e:ə s'u:l axən il'ə Do:nax/
Amháin=(aon) (= céanna)	D'amharc fear amháin é (4)/dənk f'ar ə'wae:n' e:/ Rud amháin é (6)/rid ə'wae:n' e:/
A'n (aon)	Níl a'n phunta agam (6)/n'i:1'an fintə igom/ An rabh a'n fhuinneog briste (2) /ro an in'og b'ris'tə/
aon..amháin	An t-aon dath amháin atá ann (7) /ɔ te:n da ə'wae:n'ə tae: in/
Ar bith	Ní rabh maith ar bith ann (23) /n'i: ro maix'er b'ix' in/
Ar fad	Baile amháin ar fad atá ann (27) /bal'ə ə'wae:n' er fadə tae in/
Céanna	An cineál céanna atá ann (6) /ə k'in'al ke: rnə tae: in/
eile	An bhfuil cupa eile tae (d)e dheabhaile ort? (2) /wil' ki:p el'ə te: jo:l' ort/ lá brea' eile (3)/lae: b'rea: el'ə/
gibith	Gibith focal adúirt me leis, duírt sé nár chualasé' ariamh é (3) /g'ibix' fokəl ə du:rt' m'e: l'es' du:rt' s'e: nar xilə, s'e: 'jiau e:/
gibith cé'n	Gibith cé 'n ghiorsach a bhfuil na rudai sin uilig aici ....piocfar í (2) /g'ibix'ce: n jir saxə wi:l' nə ri di s'in' il'ig' ak'i p'ikar i:/
Go leor	Tá seanchas go leor aige (3)/tae: s'anxas gə l'o:r eg'ə/
Ineacht	Tiocfaidh duine óg ineacht aníos agus buailfearté (3)/t'iki din' o:g ə'n'art ə'n'i:s agis bu:əlhar e:/
Iomáí	Is iomáí uair (8)/i's imi u:ai/

uilig

Gaeilic uilig atá acu (27)

/ge: l'ik' i'lig' a tae: aku/

uilig go léir D'fhág sé ansin é an lá uilig go léir (2)

/dae:g s'e: n's'in'e: n lae: ilig' g&gt; l' e i /

na gramhnds uilig go leir (15)

/nə graunds i 'lig' ʃə l'e : i /

## An Aidiacht Shealbhach

241.

Uathu

Iolra

1. mo /mə/ m'/m/

ar/ar/

2. do /də/ d'/d/

mur/mər/

3f a /ə/

a /ə/

b. a /ə/

Mo mháthair (2)/mə wahí/

do bhean (2)/də v'an/

a fear (2)/ə f'ar/

ar mbéal (27) /ar m'e:l/

a theach (2) /ə hax/

mur gcroí (2)/mər gri:/

a bpáighe (2) /ə bae:i/

242. Baintear úsáid as m', d' roimh ghutai e.g. m'athair (2)

/mahi/ d'athair (2)/dahi/

243. Nuair a thig an triú pearsa uathu firinsneach nó

baininsneach nó an triú pearsa iolra den aidiacht shealbhach

roimh ainm a thosaíonn le consan nach mbíonn séimhiú air

cuirtear eisean, ise no iadsin i ndiaidh an ainm leis anduifear a dhéanamh eadarthu. Thig eisean, ise no iadsina chur in áit na hiarmhíre treise - sin. Mar bionn séimhiú arainm i ndiaidh dhá i dtólamh fiú nuair atá aidiacht shealbhachroimhe cuirtear eisean, ise no iadsin i ndiaidh an ainm leis

an duifear a dhéanamh eadarthu i gcás an triú pearsa uathu is

iolra.

A lámh eisean (1) /ə lae: u es'ən/ a lámh ise(1)/ə lae:u is'ə/

a theach eisean(2)/ə hax es'ən/

a dhá bhróg (eisean)(1,4)/ə jae: vro:g es'ən/

a dhá bhróg ise(1,4)/ə jae:vro:g is'ə/

a dhá bhróg iadsin (1,4)/ə jae: vro:g iəds'ɪn'/

## I ndiaidh an Réamhfhocail.

244. Ní dhéantar cumasc idir réamhfhocal ar bith agus an aidiacht shealbhach ach amháin idir de, do agus a (3 u agus iol) de, do + a > da' Cluintear dona < de, do + n + a festa  
Fear dá chineal (3)/f'ar da x'in'al/  
dona mac (2)/donə mak/ go leor dona chineal (2)  
*/gɔl'o:r donə x'in'al/*

245. Roimh an ainm briathartha an aidiacht shealbhach léithe fein a bios ann.

1. Ná bí mo chontradoioctál (2)/na b'i : mə kontrədiktal/
2. An bhfuil duine ar bith do fhágáilt 'na bhaile? (27)  
*/wɪl' din' er b'ix' də ae:gált' nə wal'*

3.f Tá tú á ol ró-ghasta agus tá tú á dóirteadh (2)

*/tae: tu : a o:l ro: ɣastə agi:s tae: tu : a ɣo: rtu/*

b. Tá mé a bli (7) /tae: m'e: a b'l'i:/

1. Níl siad ar mbuaileadh (7)/n'i : l s i:əd ar mu:əlu/

2. Níl sé mur rachtál aníos (7)/ni:1' s'e: mər rartal  
*ə'n'i:s/*

3. Tá mé a gcoíriú (7)/tae: m'e: a go:ju/

246.

Cuid Baintear úsáid as cuid roimh (a) ainm teibi nó (b)ainm iolra a bhfuil ainm sa ghinideach ag teacht ina dhiaidh nó má tá aidiacht shealbhach roimhe

Cuid cainte an bhean mhagúil (7)/kɪd' kan'tə n v'an wagul'/

Sin cuid Gaeilig Fánada (6)/s'in' ki'd' ge:l'ik fae: nədə/

cuid phaisti an bhaile seo (2)/ki'd' pae: s't'i n wal's'o/

a chuid oibre (2)/ə xi'd' ib'rə/

mo chuid dheardhacha (3)/mə ki'd' jarhaxə/

247.

S'againne

Baintear úsáid as s'agam/s'igəm, s'agad/s'igəd, s'aige/segə,

s'aici/sak'i, s'againne/s'iginə, s'agaibhse/sigiv'sə,

s'acusin/sakus'in mar a bheadh aidiachtai sealbhacha ann

John s'againne (2)/dʒən s'iginə/, san áit s'agaibhse (2)

/sən ae:t' sigiv'sə/ a mháthair s'aici (2)/ə wahi sak'i/

An Forainm Sealbhach

248. Níl forainm sealbhach sa chanúint. Ina ait sin baintear úsáid as an aidiacht shealbhach agus ceann nō cuid

Sin mo cheann-sa srl (7)/s' in' mə x' insə /

Sin mo chuid-sa (7)/s' in' mə xidsə /

An Forainm is an Aidiacht Threise

249. Baintear úsáid as feín / he: n'/ leis an phorainm treise nō leis an phorainm reamhfhoclach.

An bhfuil tú feín go maith? (42)/wil' tu: he:n' go maix'/

Cá bhfuil sí feín? (7) /ko:l's'i: he: n'/

Níl fhios acu feín (4)/n'i: l' is aku he:n'/

250. Baintear úsáid as feín mar aidiacht (a) le ainm (b) le ainm a bhfuil aidiacht shealbhach roimhe (c) le foirm tháite den bhriathar

(a) B'fheidir gob é an buachaill feín a scriobh í (6)/b'et' ir gib'e: n bu:axil' he: n'ə s'k'ri:u i:/

(b) a theach feín (2)/ə hax he:n'/

(c) dhéanam feín e (7) /jae:nəm he:n' e:/

251. Corruair baintear úsáid as an phorainm treise (a) leis an foirm threise den phorainm

(b) leis an foirm threise den phorainm réamhfhoclach

(a) Bhí mise mé feín ann (3)/v'i: m'isə mé: he:n' in/

(b) Níl moran agamsa mé feín (7)/n'i: l' moran igəmsə , mé: he:n'/

An forainm Frithfhillteach

252 Leis an phorainm frithfhillteach a chur in uil cuirtear feín leis an phorainm pearsanta nō leis an phorainm réamhfhoclach

Muirfidh mé mé feín(7) /mi:hə mé: mé: he: n'/

Ghearr tú tú feín (7)/jar tu: tu: he:n'/

....go dtí go bhfuair sé an bád dó feín - (3)/gə d'i: gə wu:ər s'e: n bae:d do: he:n'/ag scamhlaíl orainn feín (18)  
/j skaulil' orin' he: n'/

## An Forainm Comalartach

253. a chéile

Bíonn siad ag marú a chéile le scinne (3) /bi : n s'i:əd ə  
 maru x'e:lə 1ə s'k' iŋ'ə/

Ní bhíonn na toighthí tóghtha as tóin a chéile (3)  
 /n'i: v'i: n nə ti: hi to: kə is to:n' ə x'e: 1ə/

Tá siad go maith lena chéile (2)  
 /tae: s i:əd go maix' lənə x'e: 1ə/

## An Forainm Ceisteach

254. Foirmearcha: cé /k'e:/ c'k/, ceacu/k'e: ək i/ goide  
 /gi'd'e:/ caide /ki'd'e:/ , de' /d'e:/

Bíonn goide ag tagairt do rudai amháin. Ní thig cé leis  
 fein a úsaíd ag tagairt do rudai.

Cé duírt sin leat? (2) /k'e: du:rt' s'in' 1'at/

Cé chonaic tú? (2) /k'e: honik' tu:/

Is cuma cé bhainfeas (2) /is kima k'e: wiñhas/

goide rinn seisean? (17) /gid'e: rin' s'es'ən/

goide duírt tú? (7) /g i 'd'e: du:rt' tu:/

Caide? (7) /ki'd'e:/ 'Dé? (7) /d'e:/

255. Nuair atá comórtas i gceist baintear úsaid as cé acu  
 (le rudai nó daoine)

Cé acu is fearr leat? (2) /k'e: əkə is f'a: 1'at/

Cé acu is deise? (7) /k e: əkə is d'es'ə/

256. Cé le réamhfocal. Bíonn c' roimh réamhfocal a thosaíonn  
 le guta.

C'aige a bhí sé? (2) /k'egə v'i s'e:/

Cair a bhfuil tú ag caint? (3) /k'er wił' tu: kan't'/

Ní bhíonn fhios agat c'aige a thiochfad sé (2)

/N'i: v'i:n is igəd k'egə hikiłt s'e:/

Ba mhaith liom a fheiceáilt cé leis a rabh Cáisc i mBaile  
 Cliath cosúil (12) /ba waix' 1'im ek'al't'k'e: 1'es' ə ro  
 kae:s'k'ə mił'ə k'l'i: kosul'/

257. Cuirtear an réamhfocal roimh cé, c' corrúair

Ag c' aige a bhí sé? (2) /eg'kégə v'i: s'e:/

Fár choinne cé? (18) /fan'ə k'e:/

## An aidiacht Cheisteach

## 258. Foirmeacha:

cé/k'e:/ goide, caidé /gi 'd'e://ki' d'e:/  
goide, cé /gi'd'e://k'e:/

Bíonn an t-alt roimh an ainm a thig i ndiaidh na  
haidiachta ceisti

Cé'n bhean a bhí aige? (3)/k'e:n v'an ð v'i: eg'ð/  
Chuir mé ceist air cé'n bhean í sin(3)/kir m'e: k'es't' e  
k'e:n v'an i: s'in'/

Ní bheadh fhios agad cé na lads a thiocfas isteach (2)  
/n'i: waus ðiged k'e: nə lads ð hikəs ð's't'ax/

Goide 'n t-am atá sé? (7)/gi'd'e:n tam ð tae: s'e:/

Goide'n mhaith é? (2)/gi'd e: n waix' e:/

Goide (caidé) na rudai adúirt sé? (2)/gi'd'e: (ki'd'e: )  
nə rídi du:rt' s'e:/

Goide cé'n gnoithe atá agaibh liom? (2)

/gi'd'e: k'e:n gri:hə tae: igiv' l'im/

## An Forainm Taispeántach

## 259. Foirmeacha: (a) seo/s'o/ (b) sin /s'in'/ (c) siud/s'id/

(a) Seoanois é (2)/s'o 'nis' e:/

An bhfacaidh tú seo? (7)/ wakə tu: s'o/

(b) Sin an teach a tóghadh Séamus Ó Searcaigh ann (3)

/s'in' ð t'ax ð to:gu s'e:məs o s'arki ñin/

Sin Oileán Bó (1) /s'in' il'an bo:/

Tá sin olc(1)/tae: s'in' olk/

'tchí tú sin! (2)/t'i tu: s'in'/

(c) Siud thíos an t-eallach (2)/s'id hi:s ð t'alax/

Siudbad ag teachtsíos(20)/s'id bae:d ð t'art s'i:s/

## An Aidiacht Thaispeántach

## 260. Foirmeacha: seo/s'o/ sin /s'in'/ siud /s'id/ adai /adi/

Ní dhéantar na haidiachtaí taispeántacha a infhilleadh

261. Baintear úsáid as seo, sin, adai i ndiaidh ainm

Tá siad sa phrios seo(7)/tae: s'i: ð sə f'ris s'o/

An bhfeiceann tú an teach sin(5)/v'ekən tu: n t'ax s'in'/

An bhfuil tusa an dóigh adai (13g) /wil' tisə n do:i adi/

An bhean adai (2)/ð v'an adi/

An t-am adai (3)/ð tam adi/

262. Baintear úsáid as seo, sin, siud i ndiadh (a) ainm a bhfuil aidiacht shealbhach roimhe agus (b) le forainm réamhfhoclach.

(a) a hant seo(2)/ə hant s'o /

a mháthair sin (2) /ə wahi s'in' /

Ta' a claireann sin mór (2)/tae: ɔ klag'ɔn s'in' mo:r /

Cha rabh a fhios sin agat (3)/xa ro is s'in' igəd /

(b) D'íosfadh sé seo rud ar bith (2)

/d'i: sit s'e: s'o rid er b'ix' /

Drochbhean í seo (17) / droxv'an i: s'o /

D'íosfadh sí sin rud ar bith (2)

/d'i: sit s'i s'in' rid er b'ix' /

Char mhoithigh tú é sin (3) / xar waix'i tu: e: s'in' /

Beidh sí siud triomaithe (21)

/b'e: s'i: s'id t'rimi /

Ta' doigh mhaith air seo (17)

/tae: do: i waix'er s'o /

Fada an lá o' chonaic mé aon bhean acu siud (3)

/fada n lae: o honik' m'e: e:n v'an aku s'id /

Ag caint uirthi seo is uirthi siud (5) /ə kan't i:rhí s'o s i:rhí s'id /

263. Bionn an t-alt roimh an ainm nuair a bhíonn aidiacht

thaispeántach leis ach amháin nuair atá ainm dílis i gceist

Fear millteanach Éamonn seo(7)/f'ar m'il' t'ən ax e: mən s'o /

Antóin sin thíos / anto:n' s'in' hi:s /

Ta' aithne agam ar Dannaí MacFhionnlaoich sin (4)/tae: ae:n

igəm er dani mak ihli s'in' /

Oiche Dhomhnaigh sin (13b) / i: hə Yo: ni s'in' /

An Uimhir

Na Bunúimhreacha

264. Seo na huimhreacha (a) nuair atá siad leo fein (cuntas)

(b) nuair atá ainm ina ndiaidh.

(a)

1.haon /hi:n /

2.dó /do:/

3.trí /t'ri:/

4.ceathair/k'ah̪i /

5. cuic /ku:k'/  
 6. sé /s'e:/  
 7. seacht /s'art/  
 8. ocht /ort/  
 9. naoi /ni:/  
 10. deich /d'ex'/  
 11. haon ndeag /hi:n 'n'e:g/  
 12. dó dhéag /do:'je:g/  
 13. trí déag /t'ri: d'e:g/  
 14. ceathair deag /kahi d'e: g/  
 15. cuic déag /ku:k' d'e:g/  
 16. sé déag /s'e: d'e:g/  
 17. seacht déag /s'art d'e:g/  
 18. ocht déag /ort d'e:g/  
 19. naoi déag /n:i d'e: g/  
 20. fiche /fix'  
 scór /sko:r/  
 21. fiche's a haon /f' ix'sə hi:n/  
 haon is fich' /hi: n is f'ix'/  
 30. deich is fich' /d'ex'is f'ix'/  
 31. haon ndéag is fich' /hi:n 'n'e:g is f'ix'/  
 40. dhá fhichead /yae:id/  
 daichead /daix'ad/  
 dhaichead /yaix'ad/  
 dhá scór /jae: sko:r/  
 41. Dhá fhichead 's a haon /yae:id sə hi:n/  
 haon is dhá fhichead /hi:n is yae:id/  
 50. leithchéad /l'ex'e: d/  
 51. haon ndéag is dhá fhichead /hi:n 'n'e:g is yae:id/  
 60. trí fichead /t'ri: f'ix'ad/  
 trí scór /tri: sko:r/  
 61. trí fichead is haon /t'ri: f'ix'ad is hi:n/  
 haon is trí fichead /hi:n is t'ri: f'ix'ad/  
 80. ceithre fichead /k'e:jə f'ix'ad/  
 100. Céad /k'e:d/  
 1000 Mile /m'i:lə/

100,000 céad míle /k'e:d m'i:l̪ə/

1,000,000 milliún /m'il̪'un/

1,009, 000,000 míle is naoi milliún \*/m'i:l̪ə s ni: m'il̪'un/

(b) 1 ceann amháin /k'in ə'wae:n'/

2 dheaí (dhaí) cheann /jae: x'in/

3 trí cinn /t'ri: k'in'/

4 ceithre cinn /k'e:jə k'in'/

5 cúic cinn /ku: k' in'/

6 sé cinn /s'e: k' in'/

Leithdhuisín /l'e'vis'in/

7 Seacht gcinn /s'art g'in'/

8 ocht gcinn /ort g'in'/

9 naoi gcinn /ni: g'in'/

10 deich gcinn /d'ex' g'in'/

leithscór /l'esko:r/

11 cheann deag /xin d'e:g/

12 dhaí cheann deag /jae: x'in d'e:g/

duisín /dis'in/

13 trí cinn déag /t'ri: k'in' d'e: g/

20 fiche /fix'/

scór /sko:r/

21 ceann is fich' /k'in is f'ixə/

22 Dheá (dhaí) cheann is fich /jae: x'in is f'ix'/

30 deich gcinn is fich' /d'e g'in is f'ix'/

31 cheann déag is fich' /x'in d'e:g is f'ix'/

40 dhaí fhichead /yae: id/

daichead /daix'ə d/

dhaichead /yaix'ə d/

dhaí scór /jae: sko:r/

41 ceann is dhaí fhichead /k'in is yae: id/

ceann is daichead /k'in is daix'ə d/

50 leithchéad /l'ex'e:d/

51 cheann déag is dhaí fhichead /x'in d'e:g is yae:id/

cheann déag is daichead /x'in d'e:g is daix'ə d/

60 trí fichead /t'ri: f'ix'ə d/

trí scór /t'ri: sko:r/

70 deich gcinn is trí fichead /d'ex' g'in' is t'ri: f'ix'ə d/

\* Tá sé míle is naoi milliún (3) (an fiach náisiúnta)

- tri scór go leith /t'ri: sko:r go l' ex'/  
 80. ceithre fichead /k'e:jə f'ix'əd/  
 ceithre scór /k'e:jə sko:r/  
 90. deich gcinn is ceithre fichead /d'ex'g'in' is k'e:jə f'ix'əd/  
 ceithre scor go leith /k e: jə sko:r go l' ex'/  
 100 céad /k'e:d/  
 cuic scór /ku:k' sko:r/  
 101 céad is ceann /k'e: d is k'in/  
 120 céad is fich /k'e: d is f'ix'/  
 sé scór /s'e: sko:r/

### Na hOrduimhreacha

265.

1. an chéad /ə x'e:d/
2. an darna /ə darnə/
3. an triothú /ə t'ri:hu/
4. an ceathrú /ə k'ahru/
5. an cúiciú /ə ku:k'u/
6. an seisiú /ə s'e s'u/
7. an seachtú /ə s'artu/
8. (an) hochtú /hortu/
9. An naothú /ə ni: hu/
10. An deichiú /ə d'ex'u/
11. (an) haonú ...déag /hi:nu .....d'e: g/
12. an dóthú ...déag /ə do: hu.....d'e:g/
13. An triothú ..déag /ə t'ri: hu ...d'e:g/
14. an ceathrú...déag /ə k'ahru.....d'e:g/
15. an cúiciú ...déag /ə ku:k'u...d'e:g/
16. an seisiú...déag /ə s'es'u ....d'e:g/
17. an seachtú...déag /ə s'artu...d'e:g/
18. (an) hochtú....déag /hortu....d'e:g/
19. an haothú ...déag /ə ni:hu ...d'e:g
20. an fichiú /ə f'ix'u/
21. an haonú ..is fich' /ə hi:nu ..is f'ix'/
22. an dóthú...is fich' /ə do:hu .....is f'ix'/
30. an deichiú..is fich' /ə d'e: x...is f'ix'/

31. (an) haonú....déag is fich' etc./ə hi:nú..d'e:g is f'ix'/  
 40. an daichead /ə daiχ'ed /  
 60. an trí fichiú /ə t'ri: f'ix'u /  
 80. an ceithre fichiú /ə k'e: jo f'ix'u /  
 100. an céadtú /ə k'e: tu /  
 266. Cuirtear an orduimhir darna roimh an aidiacht achan i  
 gcónai e.g. darn' achan lá(1) /darn axən lae: /

Uimhreacha Pearsanta

267.

- 1 Duine (amháin) / din'ə (ə'wae:n')/  
 2 beirt / b'ert' /  
 3 triúr /t'rur /  
 4 ceathrar /k'ahrər /  
 5 cùicear /ku:k'ər /  
 6 seisear /s'es'ər /  
 7 seachtar /s'artər /  
 8 ochtar /ortər /  
 9 naoúr / ni:ur /  
 10 deichiúr /dex'ur /  
 11 duine déag/din'ə d'e:g /  
 12 dhea' (dha') dhuine dhéag /jae: ɣin'ə je:g /  
 13 trí dhuine dhéag /t'ri: ɣin'ə je:g /  
 14 ceithre dhuine dheag/k'e:jo ɣin'ə je:g /  
 20 fiche /f'ix' /  
 scór /sko:r /  
 21 duine is fich' / din' is f'ix' /  
 22 beirt is fich' / b'ert' is f'ix' /  
 dhea' (dha') dhuine is fich' /jae: ɣin' is f'ix' /  
 23 trí dhuine is fich' / tri: ɣin' is f'ix' /
1. cláigeann amháin / klag'ən ə'wae:n' /  
 2. beirt claigne / b'ert' klag'nə /  
 3. trí claigne / tri: klag'nə /  
 4. ceithre claigne / k'e:jo klag'nə /  
 5. cùic claigne / ku:k' klag'nə /  
 6. sé claigne / s'e: klag'nə /

7. seacht gclaigne / s'art glag'nə /  
 8. ocht gclaigne / ort glag'nə /  
 9. naoi gclaigne / ni: glag'nə /  
 10. deich gclaigne / dex' glag'nə /  
 11. chlaigeann déag / xlag'ən d'e: g /  
 12. dheá (dha') chlaigeann déag / jae: xlag'ən d'e:g /  
 13. trí chlaigne deag / tri: xlag'nə d'e:g /  
 20. fiche claigne / f'ix'ə klag'nə /  
 21. claiseann is fich' / klag'ən is f'ix' /  
 22. beirt claigne is fich' / b'ert' klag'nə is f'ix' /  
 23. trí claigne is fich' / t'ri: klag'nə is f'ix' /

Ní thuigfeadh duine ar bith i nGaoth Dobhair

mórseisear nó dáréag

An t-Alt

268. Seo foirmeacha an ailt

Uathu: an/ə n;/ə n'/; /ɔ;/ /n;/ /n'/; an t-ət;/ə t'/; /nt;/ /nt'/  
 tin b. na/nə/

Iolra: na /nə/

Deach: an :/(ə) n/

269. An (ə n) Baintear úsáid as ə n roimh ghutai cúil nó  
 roimh ghutai tosaigh a tháinig ó ghutai cúil. Baintear úsáid  
 as leis an bhain. u. nó leis an tabh. fir.

Ar an fharraige /erə n arig'ə/ an an oileán /er ə n, il'an /

270. an (ə n') baintear úsáid as ə n' roimh ghutai cúil a tháinig  
 ó ghutai tosaigh. Baintear úsáid as leis an bhain. u. nó leis  
 an tabh. fir

d'ith na luchógai an eorna / d'ix' nə lixogi ə n'o: rnə /

leis an easpag / l'es'ə n'aspok /

271. an (ə) Baintear úsáid as ə idir dhá chonsan

Sin an doigh /s'fn' ə do:i/ lucht an toiaetar /lirt ə ti: etər /

272. an (n) baintear úsáid as n i ndiaidh guta roimh chonsan  
 lá an pháighe /lae: n fae:jə/

273. An (n') (annamh) Níor chuala mé ach an sampla seo  
 bhi mé ag déanamh an eadaraidh (3) / v'i: mə: d'ae:nū:  
 n' adəri /

274. an t- (ə t) Baintear úsáid as ət roimh ghutai cùil nó  
roimh ghutai tosaigh a tháinig ó ghutai cùil san ainm. fir.  
nó sa ghin. fir. nuair atá foirm an ainmnigh ann.

Thug sé leis an t-ór agus an t-airgead  
/hig s' e: l'es'əto:r agisə tarəgəd/

Cuirfidh sé thart an t-am duid  
/kirhi s'e: hartə tam diid/

275. an t-(ə t') Baintear úsáid as ət' roimh ghutai tosaigh  
nó roimh ghutai cùil a tháinig ó ghuta tosaigh san ainm. fir.  
nó sa ghin. fir. nuair atá foirm an ainmnigh ann

an t-eadach /ə t'e: dax/

276. an t- (n t) Baintear úsáid as n t i ndiaidh gutai cùil  
nó roimh ghutai tosaigh a tháinig ó ghutai cùil san ainm.  
fir. nō sa ghin. fir. nuair atá foirm an ainmnigh ann.

Fá choinne an t-aer / fan'ə n te:r/

277. an t- (n t') Baintear úsáid as n t' i ndiaidh guta roimh  
ghutai tosaigh nō roimh ghutai cùil a tháinig ó ghutai  
tosaignsan ainm. fir. ná sa ghin. fir. nuair atá foirm an  
ainmnigh ann

thomhais sé an t-eadach / ho: s's'e: n t'e: dax/

278. na (nə) Baintear úsáid as nə san iolra nō sa ghin.

uathu bain. nuair atá foirm fá leith ann

na hoileáin /nə hil'an'/ muintir / háite/mit'it/ na hae:t'ə/

279. an dá (ə dae) Baintear úsáid as ə dae: i ndiaidh consan

an dá chuid /ə dae: xid'/ muintir an dá aít /mit'ir ə dae: aet'/

280. an dá (n dae:) Baintear úsáid as n dae: i ndiaidh guta

uisce an dá abhainn/ís'cə n dae: o: n'/



Conaisc, Dobhriathra Agus Réamhfocail.

281. Cé nach bhfuil duifear eadarthu go bunúsach déantar iad a rannadh de réir rannadh na gramadaí traidisiúnta i.e de réir na feidhme atá acu san abairt.

An Cónasc Fo-ordaitheach

282. Ceanglann an cónasc fo-ordaitheach fochlásal agus priomh-chlásal lena cheile. Ceanglann an cónasc comhardaitheach dhá abairt, dhá fhochlásal, dhá fhora nó dhá fhocal lena cheile.

Deantar na conaisc fo-ordaitheacha a rannadh de réir na bhfochlásal a thig ina ndiaidh.

Níl cuid mhór fochlásal ann. Is minic nach bhfuil ach cupla ceann ag an chainteoir i gcás cineál amháin foclásail. I gcás na bhfochlásal cuise níl ach as siocair go (nach) coitiannta. Tá nuair measartha coitiannta fostach tá duifear beag sa chiall.

Fochlásal Ama

283. ag (+ ainm br.) Bhí an carr bán leis ag dhul ó sholas dó (3)  
/v'i: n kar bae:n l'es' / il o holes do:/

An t-am a - Sin beiolt a cheannaigh mé do' thall in Glasco, an t-aam a bhí mé thall (5)/s'in' b'elt / x'ani m'e:do: hal / n'lasko:  
/ tam / v'i: m'e: hal /

a'n (aon) uair amháin a A'n uair amháin a bhí sé seachtain ann fuair sé méat (14)

/ an u: ai / wae:n / v'i: s'e: s'artin in fu:ar s'e: m'e:t /  
fad is Ní dhiolfai é fad is bheas mise ann (3)/n'i: ji:lhie:  
fad is v'e:s m'is' in /

go Fan go bhfeicfidh mé (2)/fan gə v'ekə m'e:/  
go dtí go Nuair a bhí mise óg, ní rabh tú sna fir go dtí go  
rabh tú ag ól (41)/nu:ər / v'i: m'is' o:g ní: ro tu: sna fir  
go d'i: gə ro tu: o:g o:l /

go' luath is Inseochaidh mé do' gó luath is a thiocfas sé isteach (9)/in's'oxai m'e: do: go lu:ə is / hikəs s'e: s't'ax /

Nuair a Nuair a bhí muid óg, bheadh damhsacha ar an oiléan go minic (4)/nu:ər / v'i: mid' o:g v'e: u dausax er / nil'an go m'in'ik' /

ó Níl sé i bhfad uilig ó cheannaigh mé do é (5)

/n'i:1' s'e: wad i'l'ig' o x'ani m'e: do: e:/

sula Fan bomaite sula dte' muid níos faide (27)/fan bo:-

mit̄a sil̄a d'e: mid'n'i: s fid'ə/

### Fochlásail Cuise I.

284.

as siocair Ní rabh sí sásta as siocair gur inis tú dó é(7).  
go (nach) /n'i: ro s'i: sae:st̄a s'iki gor in's' tu: do: e:/

cionn is go Bhi fearg air cionn is go rabh sí thuas ann (2)  
(nach) /v'i: f'arog e k'in is ḡo ro s'i: hu:os, in /

mar Mar tá tú ag dhul ann gibith, tuighe nach dtugann  
tú leat e (2) /mar tae: tu: Yil in g'ib'ix ti:ja  
nax digon tu: l'at e:/

na Is fearr duinn istoigh na tá sé ag cur go trom (3)  
/is f'ar du:n' ãsti na tae: s'e: kir go trim/

nuair Caithfidh go bhfuil duil aici ann nuair a d'imigh  
sí i bhfolach (2) /kaix'i ḡe wil'du:l' aki in  
nu:ər ãd'im'i s'i: wolax/

### Fochlásail Aidhme 2.

285.

a. Tá sé ag teachtaníos a bhlian bhó (7)/tae: s'e:  
t'art ã'n'i:s ã v'l'i: n wo:/

ar eagla go Tá siad ag dhul síos luath ar eagla nach bhfuigh-  
(nach) fidh siad áit (2)/tae: s'i:əd, Yil s'i: s'lu:ə er  
iglo nax wi:i s'i:əd ae:t'/

feácháilt an Dhéanann tú seo feácháilt an bhfuil coigilt ann(5)  
/jae:nən tu: s'o f'ek'alt' ã wil' kig'il't' in /

I. Bhí samplaí de de bhri go (nach) le fail in abhar an Choimisiúin Béaloideas a.g. agus ní hiontas sin de bhri go n-oibríonn na mná ann comh cruaidh leis na fir (Gabhlá). Bhí sampla d'oir le fail i seandán Níor chuala mé ar na céirníní nó sa chaint iad.

go    Gábh tusa síos go bhfeicfidh tú an bhfuil sé ann (2)/go

tíosa s'i: s    go v'ek' tu: ò wil' s'e: in /

so dóigh    Caithfidh siad adbheiortaighsáil sa dóigh go bhfeicfidh  
go(nach)    achan nduine é(3)/kaix'i s'i:od adver'taisal sə do:i  
go v'ek'i axən nín' e:/

2.    Bhí sampla de fá choinne nuair (a) ... go le fáil in  
ábhar an Choimisiúin Déaloideasa i.e. - Chur sí spíce  
iarainn i gcathaoir Tharlaigh fá choinne nuair a  
shuidhfeadh Tarlach go bpollfaí e' (Machaire Loiscthe)  
Chuala mé ar na céirníní é i gcaint C. 1,2 ach ní raibh  
an clásal comh soileir is a bhí sé thuas. Bheadh achan  
chineál reidh acu fá choinne nuair a bhrisfeadh mar  
adéarfa an fharraige garbh. Níor chuala mé sa chaint é.

#### Fochlásail larmhairte

286.  
gó...is    Tá muid go' fallsa is nach rachadh muid síos 'na trá:  
/tae: mid' go false is nax raxu mid' s'i:s nə traes:/

#### Fochlásail Coinníollacha

287.  
ach ab é go    Ach ab é go bhfuil sise pósta, bheifeá i ndéidh  
(nach)    na mban (2)/ax ab'e: go wil's'is' po:stə v'e:-  
ha n'e:i nə man /

cuiream i    Cuiream i gcás dá mbeifeá pósta ... (2)/kíram ò  
gcás dá    gae:s da m'e: ha po:stə /

dá    Dá mbeadh fhios agam d'fhéadfainn scairteadh ort (4)  
/da: ñ maus igom d'e: tin' skart'u ort /

má    Már théann túanois, beidh tú in am (4)/mae: he:n  
tu: nis' b'e tu: nam /

muná    Mhillfeadh siad do shúile muná rabh siad  
teiostáilte (7)/v'il'hit s'i:od do hu:lə mīnə ro  
si:od testal't' /

mura    Mura bhfánn siad e', tiocfaidh sé ar aist (18)  
/mīrə wae:n s'i:od e: t'iki s'e: er as't' /

#### Fochlásail Comórtais.

288, gó...is    Ní rábh sé gó coitiannta an t-am sin is atá sé  
anois (3)/n'i: ro s'e: go kit'iɔnt ñ tam s'in' is ò  
tae: s'e: nis'/

de reir mar(a)'e reir mar a b̄ios siad ag éiri mó, bidh siad ag  
imeacht (2)

de réir mar(a)

/ð re:i mɔrɔ b'i:s s'i:ɔd ðg'i:ji mo:r

b'i: si: ɔd ðg'i: im'art /

mar a

Tá sé mar a bheadh bruís úr ann (7)

/tae: s'e: mərə v'e:u brís' u:r in /

ná

Níos mó ná tāi mBurtonpórt i bhfad (3)

/n'i:s mo: na tae: mirtən'po:rt ɔ wad /

Fochlásail Faomhacha<sup>I</sup>

289.

Níl fochlásal faomhach ceart ann ach níl an darna

dóigh ag na daoine leis an smaoineamh a chur in úil

ach ina dheídھ Tá sé fuar ach ina dheídھ sin tá sé brea tirim(3) sin

/tae: s'e: fu:ər' ax ənɔ je:i s'in' tae: s'e:  
b'rae: t'irim' /

ach mar sin Bhí mé in am ach mar sin feín chaill mé an bus (7) feín

/v'i: m'e: nam ax mɔr s'in' he: n' xal' m'e: n bis/

dá (+ aid)

Dá bheagacht e', dhéanfaidh sé gnoithe (5)

/da v'igart e: jae:nhi s'e: gri:hɔ/

más

Más fada an oíche, thig an lá fa dheireadh (2)

/mae:s fadɔ n i:hɔ h̄ig' ɔ lae: faʃje: ju /

Fochlásail Neamhchúise

290.

gibith

Bíonn siad ag caint an t-am ar fad gibith a bios

siad ag caint air(3) /b'i:n s'i:ɔd ɔ kan't' ɔ tam er

fad g'ib'ix' ɔ b'i:s s'i:ɔd ɔ kan't' e /

gibith áit

Bhí siad anseo gibith áit ar imigh siad (3) /v'i:

s'i: ɔ d ɔ ns'o g'ib'ix'ae:t'ɔr im'i s'i:ɔd /

gibe cá bith Bhí léar mór mioltógaí ann gibe cá bith a dtig siad

as (5) /v'i: l'e:r mo:r m̄i:ltogi in g'ib'e ca b'ix'

ɔ d'ig' s'i:ɔd is /

I.

Bhí samplaí de gí go, siud is (agus), ainneoin go le fail in ábhar an Choimisiún Béaloideasa e.g. ...agus gidh go dearn sí achan iarraidh fail ar shiúl .. (Machaire Loiscthe): Ní phósfaidh mé an boc ar chor ar bith siud agus gur marc maith atá ann (Gabhla); Ainneoin go dteachaidh mé héin go hAlbain (Carraig a' tSeascoinn)

## Fochlásail Cuimsithe

291.  
 ach + ainm br. Ní miste leo díreach ná cam ach iad fein a  
 bheith ag fail an airgead. /n'i: m'is't' 1'o:  
 d'irax n̄a kam ax i:ðd he:n' v'e ð fae;1' ð  
 n̄a ðegð/
- fad is go      Fad is nach bhfuil tu' a' dhíol ní miste leat (17)  
 (nach)            /fad is nax wil' tu: a ji: 1 n'i: m'is't' 1'at/

## Fochlásail Modha

292. an dóigh Tá e contúirteach an dóigh atá se' (6)/tae e  
 mar a            kiunturt'ax ð do:i    tae: s'e:/  
 Déan mar iarrthar ort (9)  
 /ðæ:n m̄r e:rþær ort/

## Fochlásail Ainmneacha

- 293.
- (a) Dearfach:
- go (gur)      Shíl mé gur úirt tú sin (2) /hi:l' m'e: gər  
 u:rt' tu: s'in'/ Ní tháinic ach sceala go bhfuair  
 sé bas (4)/n'i: hae: n'ik' ax s'k'e: lə gə wu:ər  
 s'e: bae: s/
- (b) Diúltach:
- gan (le ainm Beidh se' ag inse daoibh gan mur saith a ói (2)  
 br.)            /b'e s'e: əg'in's ði: v' gən m̄r sae: o:1/
- nach (nar)     Geall nach ndéarfá sin le do mháthair (2)  
 /g'al nax n'e: rha s'in' lə də wahi/
- (c) an (ar)    Níl fhios agam an bhfuil sí thiart sa bhaile  
 /n'i:1 is igomə wil' s'i: hi:ər sə wal'/
- cé acu a-ná Níl fhios agatsa an bhfuil mé ag fíolál go maith ná  
 nach            nach bhfuil (7)/n'i:1 is igədsə wil' m'e: f'i:-  
 lal go maix' na nax wil'/
- Ní miste leo cé acu áta siad ag obair ná nach  
 bhfuil (2) /n'i: m'is't' 1'o: k'e:kə tae: s'i:ð ðeg ibi  
 na nax wil'/

ca' Níl a fhios agam cá bhfuil sé.

/n'i:l' is igəm ko:l' s'e:/

c'ait: níl fhios agam c'áit a dteacaidh sí (3) /n'i: l' is  
igəm kae:t' o d'axi s'i/

goide' Ní rabh fhios ag duine ar bith goide' bhí sé ag ráidht (2)

/n'i: ro:s eg' din' er b'ix' gi'd'e: v'i: s'e: o rae:t'/

#### Fochlásail Aidiacht

294. Níl ach na fochlásail a bhfuil a iontu coitiannta. Bionn  
a le fail in ait ar i gconaí san aimsir chaite

a Gabh siar ag an tsaghart a bhfuil an ceann fada air (3)

/go s'i:ɔr og'tairtɔ wil' o kin fad e/

Sin élog a bhí thuas ar an labhta agam (2) /s'in' kli:g  
o v'i: hu:o s er o laut igəm/

Sin an fear a bhuaile a mhac mé (2)

/s'in' o f'ar wi:ɔl' o wak m'e:/

Sin an fear a bhuaile mé ina éadan (2) /s'in' o f'ar o  
wi:ɔl' m'e: in'e: dan/

a d' Seo an t-am a d'éirigh tú (3)

/s'o n tam o d'i:ji tu:/

da' Níl gnoíthe ar bith aige leis dá bhfeiceam (3)

/n'i:l' gri: hɔ er b'ix' l'es' dae: v'ek'ɔm

nach Ní theid sé 'e (de) chóir duine ar bith nach bhfuil  
dúil aige ann (3) /n'i: he:d' s'e: o xo:i din' er b'ix'  
nax wil' du:l' eg' in/

#### An Gónasc Comhordaitheach

295. Bhí caint ann go rabh siad a' tuiseacht sa tsamhradh ná

Ach san fhómhar ach bhí nóisean agam nach mbeadh (3)

/v'i: kan't' in gə ro s'i:ɔdɔ tu: s'art sɔ tauru na sən  
o:r ax v'i: no: s'an igəm nax m'e: u/

Agus fir, rna', agus páistí (6) /f'i (f'ai) mrae: agis pae:s't'i/

Bhí sé ag siúl síos le tachrán agus thog fear anuas ar an  
fhuinneog í (3) /v'i: s'e: s'u:l's'i:s lɔ taxran agis  
ho:g f'ar s'nu:ɔs erɔnin'og i:/

is istoigh s amuigh (5) /ɔ'sti s ɔ'mi/

## An Dóbhriathar

296. Cuirtear síos anseo foráiti, ainmneacha, aidiachtaí etc. nuair atá feidhm dobhriathair san abairt acu. Is minic nach mbaintear úsáid astu ar dhoigh ar bith eile.

Déantar na dobhriathra a rannadh mar seo:

- (i) Dóbhriathra Modha
- (ii) Dóbhriathra Ceíme is Cainníocht
- (iii) Dóbhriathra Ama is Minicíocht
- (iv) Dóbhriathra Ionaid agus Treo.
- (v) Dóbhriathra Dearfacht, Diúltacht is Dóchúlacht
- (vi) Dóbhriathra Eile

Rannadh de reir céille atá anseo.

## An Dóbhriathar Modha

297. go (agus aidiacht) ag obair go cruaidh (2) ég ibi go kru:ai

aidiacht gan go Ta sé ag obair mall (18)/tae: sé: ég ibi mall/  
 Bhí sé ag dhul gasta (2)v'i: sé: Yil gast/ /  
 Goide' mar a bhí an cadhrán(2)  
 /gi'd'e: mərəv'i: n ke:ran/  
 Bhí sé mar sin i dtolamh(8)  
 /v'i: sé: mər s'in'ə do:lu/

## An Dóbhriathar Ceíme is Cainníocht

298. Baintear úsáid as ainmneacha, ainmneacha agus aidiachtaí lena cheile, aidiachtaí nó as leaganacha dobhriathartha (a bhfuil ainm agus réamhfhocal iontu don chuid is mó) mar dhobhriathra céime is cainníocht

a dhath An bhfuil se a dhath níos fearr (6)

/wil' s'e: ya ni:s f'ar/

amach Ta sí ar mire amach (6)/tae: sí: er m'i:jə max/

ar bith Ní luath ar bith é ag éiri (4)

/n'i: lu:ə er b'ix'e: og'i:ji/

ar fad Bhí dúil aige ar fad san iascaireacht (2)

/v'i: dul' eg' er fad sən'i:əski:art/

as cuimse Ta sí as cuimse (27)/tae: s'i:is kim'sə/

as pamhr Ta sé teith as pamhr (2)/tae: s'e: t'e is paur/

barraíocht	Níl sé ro-ole ar chor ar bith fad is nach bhfuil sé ag cur barraíocht (2)
	/n'i:l's'e: ro: olk er xar er b'ix' fad is nax wil's'e: ò kir bae:ijart/
brea'	Beidh an bingeo thart brea' luath inniu (3)
	/b'e n b'in'g'o: hart b'rae: lu:n'u/
cá mhead	Cá mhead a bhain siad duid? (34)
	/kɔ'v'e:d ò win' s'i:od di:d/
	Cá mhead blianta atá aici? (2)
	/kɔ'v'e:d b'l'i:onto tae: aki/
cineál	Bhí sé cineál mail (8) /v'i: s'e: k'in'al mal/
(de) choir a bheith	Tá sé 'e choir a bheith folamh (7)
	/tae: s'e: xo:i v'e falu/
corrach le	Tá corrach le mí an tsamhraidh caite (6)
	/tae: koru l'ø m'i: n tauri katø/
cuid mhaith	Inseann sí an fhírinne cuid mhaith (2)
	/in's'en s'i: n'i:jin'ø kid' waix'/
deas	Tá sé deas bog (2) /tae: s'e: d'as big/
fosta	Bhí cuid do ann fostá (3)
	/v'i: kid' do: in fostø/
fostai	fostai (3) /fosti/
glan	Tá siad ar mire glan i ndéidh na bhfeár (2)
	/tae: s'i: òd er m'i:jo glan ò n'e:i nø v'ar/
gó	Bheadh tusa gó holc' leo (2)
	/v'e:u tisø go holk l'o:/
go hairid	....go hairid nuair atá abhainn ag dhul amach ann (3) /go hae:rid' nu:or ò tae: o:n'ø Yil ò'max in/
go leor	Tá sé bruite go leor (2) /tae: s'e: britø gó l'o:r/
í bhfad	B'fhearr siúl an bhealaigh mhóir i bhfad (3)
	/b'ar s'uł ò v'ali wo:i ò wad/
i gceart	Bhí sé ag cur trom i gceart (10)
	/v'i: s'e: ò kir trim ò g'art/
lán	Tá siad féin lán go holc (3)
	/tae: s'i: òd he:n' lae:n go holk/
(go) maith	Tá siad ard go maith (3) /tae: s'i: òd ard go maix'/

measartha	Tá mé measartha aosta (15) /tae : m'e: m'asərθə w:stə /
millteanach	Tá sé millteanach fuar (2) /tae: s'e: m'il'tənax fu:ər /
moran	Ní théann siad ag airneál moran (2) /n'i: he:n s'i:əd eg arn'al moran /
rud beag	Tá sé rud beag fuar (2) /tae: s'e: ri:d b'ig fu:ər /
thart fa'	thart fa' cupla bliain is fich' (3) /hart fa ki:pła b'l'i:ən' is f'ix'/
tuaraim is	Tá sé tuaraim is ceithre mhile as seo (2) /tae: s'e: tu:ərɪm' is k'e:jɔ v'i:lɔ is s'o /
cuid mhór	An Dóbhriathar Ama agus Minicíocht
a'céadóir	299. Baintear úsáid as ainmneacha, ainmneacha agus aidiachtaí, réamhfhocail agus ainmneacha, réamhfhocail agus forainmneacha agus leaganacha eile mar dhóbhriathra ama agus minicíochta Caithfidh tú saighneál a' chéadóir (2)
a'céaduair	/kaixɔ tu: sain'al ə x'edo:i / Ba ar bhád Nicí Hágáin a thúisigh tú ar (a') brádán a' chéad uair (14)
am ineacht	/ba er wae:d m'ik'i hae:gan'ə hu:s'i tu: er wrádan ə x'e:d u:ai / Beidh céili ann am ineacht an tseachtain s'againn(9)/b'e k'e:l'i in am ɔ'n'art ə t'artin s'igin'/
An t-am sin	Ní rabh iascaireacht brádán ann an t-am sin(3) /n'i: ro i:əskijart bradan in ə tam s'in' /
amach anseo	...amach anseo i mí Iúil agus as sin go Deireadh Fómhair (3)/amaxən's'o m'i: u:l' agis is s'in' go d'e:ju fo:i /
amannaí	Bíonn sé amannaí ann (5)/b'i:n s'e: aməni in /
amárach	Tá tú ag dhul 'na bhaile amárach (24) /tae: tu: ɿl nə wələ mae:rax /
anocht	An bhfuil tú ag dhul ag an damhsa anocht (10) /wɪl' tu: ɿl eg'ə dausə nort /

anois ~	Tá sé ag teachtanois (2)
	/tae: s'e: t'art o'nis'/
anois is ar aist	anois is ar aist (17)/o'nis' is er as't'/
anórthar	Beidh dhea' (dha') fhear ag dhul isteach sa Dáil an lá amárach ná anórthar (3)
	/b'e yae: ar o yil o's't'ax s> dae:l' o lae: mae:rax na no:rhor /
	Lá saoire e anóirthair (2)
	/lae: si:jo e: no:ri /
ansin	Tá siad ag dhul a luí ansin(2)
	/tae: s'i:ed o yil o li: n's'in'/
anuraidh	Ní rabh sé go maith le anuraidh (2)
	/n'i: ro s'e: go maix' l> niri /
an uair sin	Ní rabh moran toighthí ann an uair sin (3)
	/n'i: ro moran ti: hi jn o nu:er s'in'/
a'n (aon) uair amháin	Bhí mé ann a'n uair amháin (3)
	/v'i: m'e: in an u:ai o'wae:n'/
ar aist	Tá tú in do shuí ar aist (2)
	/tae: tu: o n də hi: er as't'/
ar aist aríst	Tá sé ar aist aríst (4)
	/tae: s'e: er as't' o'ri:s't'/
ar ball	Dhéanfaidh sé turadh ar ball (2)
	/jae: nhi s'e: tiru er bal /
ar ball beag	Beidh an dínnéar againn ar ball beag (2)
	/b'e n d'i:n'e:r igin' er bal b'ig /
ar an bhómaite	Tá mé ag dhul isteach ar an bhómaite (3)
	/tae: m'e: yil o's't'ax er o wo:mitð/
areír	An rabh tú ag an bhingeo areír (10)
	/ro tu: eg' o v'in/g'o: re:i /
aríst	Tá mé ag ól tae aríst (7)/tae: m'e: og o:l te: 'ri:s t/
ariamh	Ní rabh mé riamh imBaile Cliath (23)
	/n'i: ro m'e: ji:au mil o k'l'i:/
	Bhí sí ag ceol sular imigh sí go Londain ariamh (27)/v'i: s'i: o k'o:l silor im'i s'i: go lindin' o'ji:au /

ariamh aroimhe	Ní fhacaidh mé ariamh iad (9) /n'i: aka m'e: ə'jiau ə'rivə i:əd /
aroimhe	Chuir mé turnaiops aroimhe (7) /xir m'e: tirnips ə'rivə /
athrú areir	athrú aréir (2) /ahru re:i /
athrú anuraidh	Bhí giota fliuch fán urlár anuraidh ná athrú anuraidh (2) /v'i: g'ite f'1'ix fan irlar ə'niri ná ahru niri /
athrú inné	Dúirt sé go dtiocfadh sé isteach athrú inné agus mala leis (2) /du:rt' s'e: gə d'ikit s'e: s't'ax ahru n'e: agis mae:lə l'es' /
c' fhad	C'fhad a bheas tú ag fanacht (2) /kad ə v'e:s tu: ə fanaxt /
c'uair	C'uair a bheastú ag imeacht (8) /ku:ai v'e:s tu: əg' im'art /
cheana fin	Níl sé i bhfad ó bhí eileicsean ann cheana fin(3) /n'i:1' s'e: wad o v'i: el'ek'son in hans f'i: n'/
a choíche	Ní rachainn a chónai ann a choíche (2) /n'i: raxin' ə xo:ni in ə xi:ha /
fad ó shin	Bhí sé caillte fad ó shin(3) /v'i: s'e: kal'tə fad ə hin'/
feasta	beidh siad ag baint feasta' (2) /b'e s'i:əd ə bin't' f'astə /
feastai	feastai' (3) /f'asti /
fríd am	Tiocfaidh sin fríd am (3) /t'iki s'in' f'ri:d' am /
go brách	Ná abair Albain liom go brách aríst (2) /na abi oləbin' l'im go bræ:x ə'ri:s't'/
go dtí seo	Bhí tú ceart go leor go dtí seo (2) /v'i: tu: k'art gə l'o:r gə d'i: s'o /
go dtí sin	Ní rabh sé mór le cailín go dtí sin (2) /n'i: ro s'e: mo:r l'o kal'in' gə d'i: s'in'/
goide gó minic	Goide gó minic is a ní tú sin? (6) /gi'de: go m'in'ik' is ə n'i: tu: s'in'/

- i bhfad Ni bheidh siad i bhfad ag fás (2)/n'i: v'e:  
s'i:əd ə wad ə fae:s /
- i bhfad ar Níl sé i bhfad ar shiúl anois go mbeidh ... (3)  
shiúl /n'i:1' s'e: wad er x'u: l'ən̄is' ə m'e: /
- i bhfad eile Ni bheidh sé ibhfad eile (2)/n'i: v'e: s'e:  
wad el's /
- i bhfad uilig Ni bheidh tú i bhfad uilig (2)/n'i: v'e: tu:  
wad i 'l'ig /
- i gcoáin Bíonn rud thuas ann i gcoáin (3)  
/b'i:n rið hu:əs in ə go:ni /
- i dtólamh Tá an bhioldál ann i dtólamh (3)  
/tae: n v'ildal in ə do:lu /
- Bíonn triobloíd i mBéal Feirste i dtólamh (3)  
